

# Eolas Ginearálta ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

## Cad is Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ann?

Ó bhí deireadh na 1990idí ann, tá OCG ina ghné éigeantach den churaclam bunscoile agus iar-bhunscoile agus is gné é d'ábhar a dtugtar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) air. Is é atá i gceist le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ná teagasc agus foghlaim maidir leis na gnéithe cognaíocha, mothúchánacha, fisiceacha agus sóisialta de chaidrimh agus gnéasacht. Is éard is aidhm leis ná páistí agus daoine óga a fheistiú, ar shlí aoisoiriúnach, leis an eolas, na scileanna, na dearthaí agus na luachanna a chuirfidh ar a gcumas féinfheasacht agus féinmhuinín a fhorbairt; a sláinte, folláine agus dínit féin a aithint; caidrimh dhearfacha mheasúla, shóisialta agus ghnéasacha a fhorbairt; breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann a gcuid roghanna i bhfeidhm ar a bhfolláine féin agus ar fholláine daoine eile; agus, tuiscint a fháil ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí féin i dtaca leo féin agus le daoine eile.

## Cén fhoghlaim a chuimsíonn OCG?

Baineann OCG le bheith ag cuidiú le páistí agus daoine óga foghlaim faoi chaidrimh shláintiúla dhearfacha a chruthú agus a chothú—leo féin, le gaolta, le cairde agus caidrimh eile (lena n-áirítear, de réir mar a fhásann siad chun aibíochta, caidrimh románsúla).

## Cén uair is ceart tús a chur le teagasc OCG?

Is próiseas fad saoil é a bheith ag foghlaim faoi chaidrimh, faoinár gcorp agus faoin ngnéasacht, agus cuirtear tús leis an bhfoghlaim ar scoil sna luathbhlianta agus leantar di go dtí go bhfágann an duine óg an iar-bhunscoil. Braitheann an chaoi a dteagascar agus an méid a theagascar go mór ar aois agus comhthéacs na bhfoghlaiméoirí. Faoi na tosca is fearr, comhlánóidh OCG sna scoileanna obair na dtuismitheoirí<sup>1</sup> agus freagróidh sé, de réir a chéile, do cheisteanna agus riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga de réir mar a fhorbraítear a dtuiscint orthu féin agus ar a gcuid caidreamh le daoine eile.

## Cad atá ar eolas againn faoi riachtanais daoine óga?

Baineadh na sleachta a leanas as tuairisc CNCM, *Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*, agus tugann siad achoimre ar an méid a dúirt daoine óga linn faoina gcuid riachtanas.

### Aontaíonn daoine óga go bhfuil OCG tábhachtach:

Aontaíonn na scoláirí d'aon ghuth faoi thábhacht OCG. Teastaíonn uathu go soláthródh scoileanna OCG atá cuimsitheach, ábhartha agus aoisoiriúnaithe ag gach céim den oideachas.

### Is mian le scoláirí cur chuige níos iomlánaíche i leith an teagaisc agus na foghlama in OCG:

I gcomhthéacsanna bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta araon, tá scoláirí míshásta le OCG atá dírithe go príomha ar fhírí bitheolaíoch (‘an chaint’ i gcás scoláirí bunscoile agus eolas ar an nginiúint, an fhriothghiniúint agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha i measc scoláirí iar-bhunscoile) agus nach soláthraíonn deiseanna dóibh na gnéithe mothúchánacha a bhaineann le bheith ag fás aníos agus ag cothú caidrimh dhearfacha a phlé. Feictear dóibh freisin go gcuirtear béim ar na rioscaí agus na contúirtí a bhaineann le caidrimh agus gníomhaíocht ghnéasach, agus go bhfuil fiosrú na ndea-ghnéithe sláintiúla taitneamhacha thíos leis.

### Ba mhaith le scoláirí spás sábháilte le haghaidh foghlama in OCG:

Bíonn timpeallacht shábháilte ionchuisitheach de dhíth ar scoláirí, áit ar féidir plé a dhéanamh, ceisteanna a chur agus labhairt ar an uile ghné de chaidrimh agus gnéasacht. Teastaíonn níos mó uathu ná faisnéis eolaíoch agus fírí (rud, dar leo, is féidir leo a fháil go héasca dóibh féin).

<sup>1</sup> Is ionann tuismitheoirí anseo agus máthreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leatuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.

# Eolas Ginearálta ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

## Ba mhaith le scoláirí foghlaim a dhéanamh atá ábhartha:

Labhair scoláirí níos sine faoin ngá atá le topaicí 'fíorshaoil' a phlé go hoscailte agus go hionraic i gcomhthéacs ceart, freagrachtaí, dearcthaí agus luachanna (agus rinneadh tagairt go rímhinic don mheas). I measc gach aoisghrúpa, mhothaigh scoláirí gur minic na ceachtanna a bheith páistiúil agus gan iad a bheith ag freastal ar a gcuid riachtanas. De bhreis air sin, léirigh siad an bharúil go mbíonn barraíocht athrá sna ceachtanna OCG, agus téamaí amhail bulaíocht agus alcól ag teacht aníos bliain i ndiaidh bliana ach gan dul chun cinn oiriúnach le sonrú ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile.

**Braitheann scoláirí go mbíonn ról lárnach ag múinteoirí in OCG ardchaighdeáin:** Do na scoláirí, is é an múinteoir an t-eochairchumasóir, i dtaca le heispéireas OCG ardchaighdeáin. Aithníonn scoláirí a thábhachtaí atá sé múinteoir a bheith ann atá compordach muiníneach agus é i mbun theagasc an ábhair, ag a mbíonn caidreamh maith leis na scoláirí agus atá in ann an fhoghlaim a éascú ar bhealach dearfach rannpháirteach.

*(Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna, CNCM, 2019, lch 28)*

## Cad iad buntáistí OCG mar chuid den churaclam scoile?

Tugann taighde le tuiscint go dtéann sé chun tairbhe do pháistí agus daoine óga a bheith ag foghlaim faoi chaidrimh agus gnéasacht mar chuid de churaclam dea-phleanáilte ar shlí a bheadh oiriúnach d'aois agus do leibhéal forbartha. Feidhmíonn OCG ardchaighdeáin mar a bheadh gníomhaire cosantach ann nó soláthraíonn sé spás inar féidir eolas oiriúnach a chomhroinnt, inar féidir plé le noirm dhiúltacha shóisialta agus inar féidir tacú le páistí chun roghanna sláintiúla a dhéanamh bunaithe ar luachanna an mheasa agus an chúraim. Tá an teicneolaíocht i ngach aon áit sa saol nua-aimseartha agus is féidir gur foinse faisnéise agus mífhaisnéise í i dtaca le caidrimh agus gnéasacht. Agus páistí agus daoine óga á bplúchadh le faisnéis ar bharr faisnéise, tá an fhoghlaim faoi chaidrimh, sláinte ghnéasach agus léiriú gnéasach laistigh d'fhoscadh sábháilte an tseomra ranga níos tábhachtaí ná riamh. Agus an curaclam á fhorbairt, caitear dua nach beag lena chinntiú go mbíonn an fhoghlaim aois-oiriúnach don pháiste ag gach aon

chéim dá chuid foghlama. Bunaítear roghanna i dtaca le nithe a chuimsítear sa churaclam ar thaighde agus ar dhea-chleachtas mar aon le comhairliúchán fairsing le tuismitheoirí, le múinteoirí agus leis na páistí/daoine óga féin. Laistigh den seomra ranga, bíonn de sholúbthacht ag an múinteoir breithniú ar an gcaoi ar cheart na topaicí áirithe a theagasc, le go mbíonn an fhoghlaim ag freastal ar riachtanais na bpáistí.

## Conas is féidir le OCG tacú le cinnteoireacht páistí agus daoine óga?

Bíonn an bhéim in OCG ar chothromaíocht a fháil idir na gnéithe mothúchána agus na gnéithe caidrimh d'fhorbairt an duine. Léiríonn an taighde gur dóchúla foghlaimeoirí a thugann faoi OCG ar scoil an ghníomhaíocht ghnéasach a chur siar go dtí go mbíonn siad aibí go leor, go fisiceach agus go mothúchána, le bheith in ann caidrimh ghnéasacha a láimhseáil, i gcomparáid le daoine eile nach dtugann faoi OCG. De bhreis air sin, bíonn páistí agus daoine óga níos sábháilte agus taithe acu ar OCG ardchaighdeáin nó soláthraíonn sé stór focal agus creat le tuiscint a bheith acu ar cad is caidreamh sláintiúil ann agus tacaíonn sé le hiompraíocht cuardaithe cabhrach sa chás go mbeadh tacaíocht nó comhairle faoin tsláinte ghnéasach de dhíth orthu féin nó ar chara.

# Eolas Ginearálta ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

## Cad a deir tuismitheoirí faoi riachtanais a gcuid páistí agus conas is féidir le scoileanna tacú leis seo?

Tá tuismitheoirí, den chuid is mó, ar aon intinn faoin tábhacht atá le hoideachas aoisoiriúnaithe ábhartha a chur ar fáil ar chaidrimh agus gnéasacht, sa bhaile agus ar scoil. Tá siad rí-eolach ar an iliomad brúnna a mbíonn ar dhaoine óga plé leo agus iad ag fás aníos sa lá atá inniu ann agus measann an mhórchuid acu go bhfuil deis ar leith ag scoileanna spás a chur ar fáil ina bhféadann páistí na gnéithe éagsúla de chaidrimh agus den ghnéasacht a phlé ar bhealach eolach, smaointeach, oscailte in éineacht lena bpiaraí. Go sonrach, is mian le tuismitheoirí go gcuirfeadh OCG ar chumas a gcuid páistí aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile; feasacht agus inghlacthacht a chothú ina leith féin agus i leith daoine eile; scileanna cinnteoireachta freagraí a fhorbairt; agus an dóigh le caidrimh dhearfacha a fhorbairt agus a chothú ina mbíonn meas i réim a fhoghlaim. Cé go n-aithníonn bunús na dtuismitheoirí an ról atá acu mar phríomhoideachasóirí a gcuid páistí agus gur mhaith leo go bhforbródh na páistí meon dearfach sláintiúil i leith a gcoirp, a gcuid caidreamh agus a ngnéasachta, is minic iad ag streachailt le teacht ar an gcur chuige cuí chun na comhráite seo a bheith acu lena gcuid páistí. Tá réimse de leabhráin ghairide le tacú leis na comhráite seo ar fáil ag [www.sexualwellbeing.ie](http://www.sexualwellbeing.ie).

## An ceadmhach do tuismitheoirí a bpáiste a aistarraingt ó OCG?

Is iad na tuismitheoirí príomhoideachasóirí a gcuid páistí agus comhpháirtithe tábhachtacha sa phróiseas oideachais a thiteann amach laistigh de scoileanna. Cé gur gné éigeantach den churaclam i scoileanna an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta, tá sé de cheart ag tuismitheoirí a iarraidh nach mbeadh a bpáiste rannpháirteach in OCG, mar atá amhlaidh le gné ar bith eile den churaclam.

## Cá huair a thiocfaidh curaclam nuashonraithe?

Tá CNCM meáite ar churaclam nuashonraithe comhtháite amháin a fhorbairt do OCG agus OSPS a chuimseoidh an t-oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile araon. Cuirfear tús le hobair chun an curaclam OSPS/OCG sa tsraith shóisearach a nuashonrú san fhómhar in 2021. Nuair a bheidh an obair ar an tsraith shóisearach curtha i gcrích, díreofar ar an tsraith shinsearach agus ansin ar churaclam na bunscoile. De réir mar a fhorbrófar an obair sin, beifear

ag tabhairt faoi chuid mhór oibre leis na príomhpháirtithe leasmhara in earnáil an oideachais agus beidh a lán deiseanna ann le haghaidh comhairliúcháin poiblí. Cuirfidh an t-aiseolas sin go léir bonn eolais faoin gcuraclam deiridh. Coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin le heolas a fháil ar fhorbairtí agus le do bharúil féin a chur in iúl.

## Cén ról a bheidh ag tuismitheoirí i bhforbairt an churaclaim nuashonraithe?

Tá ionadaíocht ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí ar na grúpaí forbartha curaclaim OSPS / OCG (Bunscolaíocht agus Iar-bhunscolaíocht). De bhreis air sin, cuirimid fáilte roimh thuismitheoirí sna comhráite agus sna comhairliúcháin a bhíonn againn agus dréachtsonraíochtaí á bhforbairt. Éascaítear é sin ar éagsúlacht de shlíte—trí chruinnithe le grúpaí ionadaíocha, trí chruinnithe fócasghrúpa agus grúpa chomhairligh agus trí imeachtaí comhairliúcháin phoiblí agus suirbhéanna, a fhógrófar ar shuíomh gréasáin CNCM agus ar na meáin shóisialta.